**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000016/2024**
**ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála**
Riail 142
**Lynn Boylan (The Left), Kathleen Funchion (The Left), Matjaž Nemec (S&D), Ana Miranda Paz (Verts/ALE), Rima Hassan (The Left), Merja Kyllönen (The Left), Özlem Demirel (The Left), Hanna Gedin (The Left), Damien Carême (The Left), Arash Saeidi (The Left), Carolina Morace (The Left), Billy Kelleher (Renew), Anthony Smith (The Left), Barry Andrews (Renew), Marc Botenga (The Left), Rudi Kennes (The Left), Per Clausen (The Left), Irene Montero (The Left), Isabel Serra Sánchez (The Left), Leoluca Orlando (Verts/ALE), Catarina Martins (The Left), Danilo Della Valle (The Left), Dario Tamburrano (The Left), Leila Chaibi (The Left), Jonas Sjöstedt (The Left), Estrella Galán (The Left), Mimmo Lucano (The Left), Pernando Barrena Arza (The Left), Ilaria Salis (The Left), Aodhán Ó Ríordáin (S&D), Barry Cowen (Renew), Cynthia Ní Mhurchú (Renew), Gaetano Pedulla' (The Left), Evin Incir (S&D), Irena Joveva (Renew), Emma Fourreau (The Left)**

Ábhar: Barántais ghabhála ICC arna n-eisiúint an 21 Samhain 2024

An 21 Samhain 2024, d’eisigh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta barántais ghabhála i leith Benjamin Netanyahu agus Yoav Gallant as coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a rinneadh ón 8 Deireadh Fómhair 2023 ar a laghad go dtí an 20 Bealtaine 2024 ar a laghad, an lá a thaisc an t-ionchúiseamh na hiarratais ar na barántais ghabhála. Mheas an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta go raibh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go ndearna an dís, d’aon ghnó agus go feasach, nithe a chur de dhíth ar an bpobal sibhialta in Gaza nach bhfuil déanamh dá n-uireasa acu, lena n-áirítear bia, uisce, agus leigheas agus soláthairtí leighis, mar aon le breosla agus leictreachas, ón 8 Deireadh Fómhair 2023 ar a laghad go dtí an 20 Bealtaine 2024. Chinn an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta go raibh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil an tUasal Netanyahu agus an tUasal Gallant freagrach go coiriúil as coir chogaidh an ocrais mar mhodh cogaíochta agus go raibh forais réasúnacha ann lena chreidiúint gur fhág an easpa bia, uisce, leictreachais agus breosla, agus soláthairtí sonracha leighis, go ndearnadh scrios ar shaol cuid den phobal sibhialtach in Gaza, rud ba chúis le bás sibhialtach, lena n-áirítear leanaí, mar gheall ar mhíchothú agus ar dhíhiodráitiú. Chinn an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta freisin go raibh forais réasúnacha ann lena chreidiúint gur baineadh a gcearta bunúsacha de chuid mhór den phobal sibhialta in Gaza mar gheall ar an iompar thuasluaite, lena n-áirítear an ceart chun na beatha agus an ceart chun na sláinte, agus gur díríodh ar an bpobal bunaithe ar fhorais pholaitiúla agus / nó náisiúnta. Chinn sí, dá bhrí sin, go ndearnadh coir na géarleanúna, ar coir in aghaidh na daonnachta í. Mheas an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta go raibh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil an tUasal Netanyahu agus an tUasal Gallant freagrach go coiriúil, mar oifigigh uachtaracha shibhialtacha, as coir chogaidh a dhéanamh, eadhon ionsaithe a dhéanamh, d’aon ghnó, ar phobal sibhialta Gaza. I dtaca leis sin de, chinn an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta gur fhág an t-ábhar a sholáthair an t-ionchúiseamh nárbh fhéidir léi ach cinntí a dhéanamh faoi dhá theagmhas a bhí ina n-ionsaithe a rinneadh, d’aon ghnó, ar shibhialtaigh.

De réir na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, ‘measann an tAontas gurb í an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta an príomhghníomhaí sa chomhrac in aghaidh na saoirse ó phionós agus go gcuidíonn sí le híospartaigh ainghníomhartha ceartas a bhaint amach’ agus ‘molann sé go ndéanfaí Reacht na Róimhe a dhaingniú, i bhfad is i ngearr, agus go n-oibreofaí i gcomhar iomlán leis an gCúirt.’

Dá bhrí sin, an ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. An molfaidh sé do na Ballstáit uile na barántais ghabhála a fhorghníomhú má bhíonn deis acu déanamh amhlaidh?

2. An ndéanfaidh sé imscrúdú ar aon Bhallstát a dhiúltóidh na barántais sin a fhorghníomhú as an mbonn a bhaint ón smacht reachta?

3. An bhforchuirfidh sé smachtbhannaí ar na daoine ar eisíodh na barántais sin ina leith agus an bhforchuirfidh sé smachtbhannaí ar Stát Iosrael i bhfianaise na mbeart sealadach a d’eisigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta cheana i mí Eanáir 2024?

Curtha síos: 26.11.2024
Spriocdháta i gcomhair freagra: 27.2.2025